

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Plean Corparáideach 2014







QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Plean Corparáideach 2014

Clár Na nÁbhar	Leathanach
Réamhrá	3
Cur Chuige Straitéiseach an QQI	4
Achoimre	5
Plean Corparáideach – Cur chuige straitéiseach i leith cuspóirí eagraíochtúla a nascadh le gníomhaíochtaí roinne	6

Réamhrá

Ghlac Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) a Ráiteas Straitéise 2014-2016 go foirmiúil i Samhain 2013. Sainítear sa ráiteas misean, luachanna agus spriocanna an QQI mar aon leis na cineálacha cur chuige a ghlacfar chun na spriocanna sin a bhaint amach. Ceanglaíonn an Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí 1997 ar gach roinn rialtais ráiteas straitéise a ullmhú. Ach níor mhór a chur san áireamh go bhfuil tábhacht agus brí ar leith leis an ráiteas straitéise seo ós é an chéad ráiteas straitéise poiblí ó QQI. Mionsonraítear sa ráiteas croíluachanna an QQI agus léiríonn sé a dháiríre atá sé faoi thorthaí cáilíochta a bhaint amach do gach geallsealbhóir, go háirithe d'fhoghlaimoírí.

Ag éirí as an ráiteas straitéise, cuireadh an plean corparáideach le haghaidh 2014 i dtoll a chéile agus na spriocanna a chomhlíonfaidh an QQI faoi 2016 san áireamh ann. Tá a chuid feidhmeanna eagraithe ag an QQI trasna seacht bpríomhroinn gnó: Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta, Seirbhísí Cáilíochtaí, Caidreamh le Soláthraithe, Comhpháirtíochtaí Tionscail agus Seachtracha, Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid, Iniúchadh agus Soláthar, agus Anailís Straitéiseach.

Nascann an plean corparáideach na spriocanna straitéiseacha agus na cineálacha cur chuige i leith cuspóirí eagraíochtúla agus sainaitnítear ann na príomhghníomhaíochtaí trína gcuirfear na cuspóirí sin i gcrích. Déantar gach cuspóir a ailíniú le ceann amháin nó níos mó de na seacht roinn gnó taobh istigh den QQI, de bhrí gurb iadsan na príomhranna a threoróidh gníomhaíochtaí i dtaca leis na cuspóirí.

Cur Chuige Straitéiseach an QQI

Foilsíodh an chéad Ráiteas Straitéise de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i Samhain 2013. Thug sé treoir don fhoireann agus dár ngeallsealbhóirí maidir lenár misean, ár bhfís, ár luachanna agus ár spriocanna, agus an tslí ina bhfuil sé i gceist againn iad a bhaint amach. Chlúdaigh an Ráiteas tréimhse trí bliana idir Eanáir 2014 agus Nollaig 2016. Beidh sé ina bhonn le pleananna corparáideacha amach anseo ina leagfar amach na cuspóirí, gníomhaíochtaí agus torthaí a bheidh le baint amach gach bliain ag an eagraíocht.

Sonraítear sna Ráiteas sé phríomhspríoc a chuirfidh an QQI roimhe le baint amach, agus is ar na spriocanna sin atá plean corparáideach 2014 bunaithe. Breithníodh na spriocanna straitéiseacha i sraith ceardlann ardbhainistíochta agus astu siúd ceapadh cuspóirí na heagraíochta le haghaidh 2014. Tá cuspóirí eagraíochtúla na bliana ag teacht go soiléir leis na spriocanna a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise, a léiríonn an obair a dhéanfar in 2014 agus a chuireann san áireamh an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach sa tréimhse seo le deimhin a dhéanamh de go sroicfear gach ceann de chuspóirí straitéiseacha an QQI faoi 2016.

Gheofar an Ráiteas Straitéise iomlán [anseo](#)



Achoimre

Leagtar amach sa phlean corparáideach seo an méid atá beartaithe ag an QQI a bhaint amach sa chéad bhliain eile agus léiríonn dár ngeallsealbhóirí an méid is féidir leo a bheith ag súil leis uainn sa bhliain romhainn. Ceapadh an plean ag féachaint go grinn do mhisean, luachanna agus spriocanna an Ráitis Straitéis chun go mbeidh ár gcuspóirí do 2014 ar aon dul leo.

Is é 2014 an dara bliain ó bunaíodh an QQI agus is é aidhm na heagraíochta díriú ar na gealltanais atá déanta againn i dtaca le forbairt beartais, dearbhú cáilíochta agus caidreamh láidir oibre a fhorbairt le geallsealbhóirí, agus an uile rud a bheith dírithe ar an bhfoghlaimoir thar aon duine eile. Seacht bpríomhroinn gnó atá ag an QQI: Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta, Seirbhísí Cáilíochtaí, Caidreamh le Soláthraithe, Comhpháirtíochtaí Tionscail agus Seachtracha, Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid, Iniúchadh agus Soláthar agus Anailís Straitéiseach.

Sa bhliain seo chugainn beidh an QQI ag díriú ar fhorbairt beartais thar aon ní eile; díreofar ar riachtanais an réimse seo sa chlár Forbairt Chuimsitheacht Beartais. Fágfaidh sé sin go mbeimid ábalta dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus i mbun oibre leo chun beartais a oirfidh do na hathruithe atá ag tarlú san oideachas in Éirinn a cheapadh agus a chur chun feidhme.

Tá nasc idir sin agus an gealltanais atá déanta againn i dtaca le dearbhú cáilíochta, ní amháin mar ghníomhaireacht a dhéanann monatóireacht ar eagraíochtaí eile ach, lena chois sin, mar ghníomhaireacht a ndéantar monatóireacht uirthi. Adhmaíonn an QQI é sin tríd a ghníomhaíochtaí in 2014 agus déanfaidh sé gach dícheall dul i bhfeabhas trí samhlacha dea-chleachtais i ndearbhú cáilíochta a chur chun feidhme.

Cuirtear béim láidir sa phlean corparáideach ar an rialachas, ós príomhréimse forbartha é don QQI i 2014. Mar eagraíocht a bunaíodh le deireanas, aithníonn an QQI a thábhachtaí atá struchtúir rialachais maithe a léiríonn raon casta na soláthraithe agus na ngeallsealbhóirí a dtéimid i bpáirt leo. Ba mhaith leis an QQI dul i bpáirt lena gheallsealbhóirí trí shraith gníomhaíochtaí d'fhonn tuiscint níos doimhne a chothú ar na ról atá ag gach páirtí ó thaobh cáilíocht ardoideachas agus oiliúint agus breisoideachas agus oiliúint na hÉireann a choinneáil agus a fheabhsú.

Tá an QQI feasach ar a ról ó thaobh faisnéis a chur ar fáil go seachtrach agus go himmheánach. Leagtar amach sa phlean corparáideach cuspóirí agus gníomhaíochtaí a dhíríonn air sin agus a fhéachfaidh le cinntiú go leanfaidh an QQI dá chuid oibre ó thaobh cumarsáid a dhéanamh agus faisnéis a chur ar fáil i gcomhthéacs náisiúnta agus i gcomhthéacs idirnáisiúnta.

In 2014 cuirfidh an QQI béim shuntasach ar fhorbairt chultúrtha na heagraíochta agus geallann sé go láidir a phróisis a athchóiriú chun éifeachta ar aon dul le moltaí faoi dhea-chleachtas.

Ar an tslí sin cinnteofar go mbeidh ár seirbhísí éifeachtach agus comhsheasmhach agus go mbeidh ár gcustaiméirí i gcoilár ár ngníomhaíochtaí. Táimid ag tnúth le 2014 agus leis na rudaí atá curtha againn romhainn a bhaint amach.

Corporate Plan – Cur chuige straitéiseach i leith cuspóirí eagraíochtúla a nascadh le gníomhaíochtaí roinne

Sprioc Straitéiseach	Cuspóir Eagraíochtúil	Gníomhaíochtaí	Tréimhse ama	Roinn
<p>1</p> <p>Sraith chuimsitheach chomhtháite beartas agus nósanna imeachta a chur sa siúl, bunaithe ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.</p>	<p>1.1 Dul i gcomhairle agus i mbun oibre le soláthraithe oideachais agus oiliúna agus le geallsealbhóirí eile i réimse an oideachais chun beartais an QQI a fhorbairt d'fhonn tionchar a imirt ar athruithe ar leibhéal an chórais agus chun riachtanais an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 a chomhlíonadh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Fóram Comhairleach a bhunú Freagairt do chomhairliúcháin phoiblí lena mbaineann 	<p>R1</p> <p>Go leanúnach</p>	Caidreamh le Soláthraithe
	<p>1.2 Beartais agus nósanna imeachta, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta a ceapadh trí bhithin Chlár Cuimsitheach Forbartha an QQI. a chur chun feidhme, a athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Tacú le forbairt agus cur chun feidhme leanúnach bheartas an QQI. Rannchuidiú le cur chuige eagraíochtúil i leith cur chun feidhme an bheartais um dhearbú cáilíochta agus cáilíochtaí. Grúpaí feidhmithe beartais a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú beartais 	<p>Go leanúnach</p> <p>Go leanúnach</p> <p>Go leanúnach</p>	Gach Roinn
	<p>1.3 An tslí ina gcuirtear an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí i bhfeidhm i dtaca le feidhmeanna an QQI a mhíniú agus a chur chun cinn.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cáilíochtaí comhlachtaí gairmiúil agus comhlachtaí dámhachtana idirnáisiúnta a ailíniú leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Dul i mbun idirchaidrimh le comhlachtaí earnála poiblí lena mbaineann chun tacú le húsáid chúí an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí ó thaobh seirbhísí poiblí a sheachadadh agus beartas poiblí a chur chun feidhme. 	<p>R1</p> <p>Go leanúnach</p>	Seirbhísí Cáilíochta
	<p>1.4 TTagarmharcáil a dhéanamh ar obair an QQI trí obair sheachtrach leanúnach lenár bpiaraí, go náisiúnta, san Eoraip agus go hidirnáisiúnta</p>	<ul style="list-style-type: none"> Tuarascáil Féinmheastóireachta a mheasúnú agus a fhoilsiú mar chuid d'athbhreithniú an ENQA. Bheith rannpháirteach i dtionscadal píar-athbhreithnithe an ENIC/NARIC, agus rannchuidiú leis. 	<p>R4</p> <p>R2</p>	<p>Anailís Straitéiseach</p> <p>Seirbhísí Cáilíochta</p>



Sprioc Straitéiseach	Cuspóir Eagraíochtúil	Gníomhaíochtaí	Tréimhse ama	Roinn
<p>2 Tús áite a thabhairt d'fhoghlaimoirí inár mbeartais agus inár ngníomhaíochta agus inár gcaidreamh le geallsaibhóirí.</p>	<p>2.1 A chinntiú go dtugtar guth d'fhoghlaimoirí agus feabhsuithe á ndéanamh ar an eispéireas oideachais agus oiliúna.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Ról d'fhoghlaimoirí i gcórais um dhearbhú cáilíochta na soláthraithe a bheith sonraithe i dtreoirlínte um dhearbhú cáilíochta. Aitheantas níos mó a thabhairt don foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta tríd an mbeartas ar aitheantas do réamhfoghlaim a fhoilsiú. 	<p>R1</p> <p>R4</p>	<p>Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta</p> <p>Seirbhísí Cáilíochta</p>
	<p>2.2 Ról a thabhairt d'fhoghlaimoirí i struchtúir rialachais an QQI, i bhforbairt bheartais an QQI agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann le dearbhú cáilíochtaí seachtrach.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Ról a thabhairt d'fhoghlaimoirí i struchtúir rialachais Córais agus próisis a chur chun cinn go réamhghníomhach chun foghlaimoirí a mhealladh le bheith rannpháirteach i bpróisis chomhairliúcháin an QQI Ról a thabhairt d'fhoghlaimoirí i bpróisis athbhreithnithe agus creidiúnúcháin 	<p>R1</p> <p>R1 agus Go leanúnach</p> <p>R1</p>	<p>Caidreamh le Soláthraithe</p> <p>Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta</p>
	<p>2.3 Muintín a chothabháil i ndámhachtainí an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a rinne an QQI le linn an aistrithe chuig brandaí nua dámhachtana</p>	<ul style="list-style-type: none"> soiléire a chur ar fáil ar bhrandáil agus ar fhógairt cáilíochtaí as a leanann dámhachtainí an QQI trí bheartas ar Theastasú (agus brandáil dámhachtainí san áireamh) a fhoilsiú 	<p>R3</p>	<p>Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta le Seirbhísí Cáilíochtaí</p>
	<p>2.4 Aitheantas do cháilíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a spreagadh agus a chur chun cinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> Páipéar glas ar Aithint Cáilíochtaí a fhoilsiú Comhairle maidir le haithint cáilíochtaí a chur ar fáil don phobal 	<p>R2</p> <p>Go leanúnach</p>	<p>Seirbhísí Cáilíochta</p>
	<p>2.5 Beartais an QQI a chinntiú go mbíonn foghlaimoirí rannpháirteach i ngach cuid de na próisis um dhearbhú cáilíochta agus um cháilíochtaí a chur chun feidhme</p>	<ul style="list-style-type: none"> Tacú le tionscnaimh a dhíríonn ar an bhfoghlaimoir agus ar rannpháirtíocht an foghlaim-eora trí rannchuidiú le forbairt an tsuirbhé náisiúnta ar mhic léinn Rannchuidiú le hobair an Fhórait Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama 	<p>Go leanúnach</p>	<p>Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta</p>

Sprioc Straitéiseach	Cuspóir Eagraíochtúil	Gníomhaíochtaí	Tréimhse ama	Roinn
3 Cáilíochtaí soláthraithe a dhearbhú agus tacú le feabhsúcháin i gcáilíocht an tsoláthair oideachais agus oiliúna	3.1 Cur chuige a cheapadh i leith dearbhú cáilíochta agus feabhsúcháin a thógann ceann de raon na gcaidreamh le soláthraithe a shainítear san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 agus d'athchumrú an tsoláthair bhreiseoideachais agus ardoideachais agus oiliúna	<ul style="list-style-type: none"> Torthaí an chórais 'Athbhreithniú ar Athbhreithnithe' a fhoilsiú Athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte um dhearbhú cáilíochta agus ar na critéir taighde (mar chuid den Chreat le haghaidh Oideachas Dochtúireachta) Cód cleachtais taighde a cheapadh Treoirlínte Eorpacha VET/HE a cheapadh/a lánpháirtíú i bhforbairt threoirlínte um dhearbhú cáilíochta, meastóireachta agus caidreamh ar mhaithe le feabhas (EQAVET/ENQA) Tús a chur le treoirlínte um dhearbhú cáilíochta a cheapadh Tús a chur le beartas a cheapadh i dtaca le hAthbhreithnithe Beartas a fhoilsiú ar an tslí le dul i mbun oibre an athuir le soláthraithe oidhreacht Straitéis ar fheabhsú cáilíochta a cheapadh, bunaithe ar thorthaí, riachtanais agus tosaíochtaí an chórais 	R1 R1 – R3 R1 R4 – 2015 R3 R2	Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta
	3.2 Beartas nua an QQI maidir le Bailíochtú Tosaigh a chur chun feidhme, chun fáil ar bhailíochtú clár a chur ar fáil do sholáthraithe nua	<ul style="list-style-type: none"> Beartais agus nósanna imeachta comhaontaithe maidir le Bailíochtú Tosaigh a chur chun feidhme 	Go leanúnach	Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta
	3.3 Rannpháirtíocht piaraí le soláthraithe a mhisiú agus a chur chun cinn d'fhonn caidreamh a chur chun cinn agus comhroinnt eolais agus saineoilais i dtaca le feabhsú cáilíochta a éascú	<ul style="list-style-type: none"> Rannchuidiú le rannpháirtíocht piaraí agus feabhsú cáilíochta laistigh den earnáil bhreiseoideachais agus oiliúna agus í a éascú chun tacú leis an aistriú go dtí an creat nua um dhearbhú cáilíochta le haghaidh na mBord Oideachais agus Oiliúna Freastal ar chruinnithe de Líonra Cáilíochta Ardoideachais na hÉireann agus rannchuidiú lena chuid oibre 	Go leanúnach Go leanúnach	Caidreamh le Soláthraithe



Spríoc Straitéiseach	Cuspóir Eagraíochtúil	Gníomhaíochtaí	Tréimhse ama	Roinn
	3.4 Díriú ar idirnáisiúnú an oideachais trí chaighdeán agus treoirlínte cáilíochta a cheapadh	<ul style="list-style-type: none">Cáilíocht eispéireas na mac léinn idirnáisiúnta in Éirinn a dhearbhu trí raon tionscnamh lena n-áirítear:cód cleachtais don oideachas idirnáisiúnta a fhoilsiúAn Marc Oideachais Idirnáisiúnta a sheoladh	R2 R4	Seirbhísí Cáilíochta
	3.5 Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthraithe clár as a leanann dámhachtainí an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a dhéanann an QQI	<ul style="list-style-type: none">Beartas ar mhonatóireacht, idirphlé agus riosca a fhoilsiúCláir, lena n-áirítear cláir thaighde, a bhailíochtúAitheantas do ELTOannaMonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthraitheDul i mbun idirphlé mar gheall ar dhearbhu cáilíochta le soláthraitheSocruithe a cheapadh ar mhaithe le tuairisciú dearbhú cáilíochta le soláthraitheSaolré Teagmhálacha Soláthraithe a bhunú/a chur chun feidhme i gcás gach soláthraíDámhachtainí a dhéanamh	R2 Go leanúnach Go leanúnach Go leanúnach	Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta

Sprioc Straitéiseach	Cuspóir Eagraíochtúil	Gníomhaíochtaí	Tréimhse ama	Roinn
4 Dul i mbun oibre le geallsealbhoirí chun córais oideachais agus oiliúna na hÉireann a dhéanamh níos comhtháite go himheánach agus lena chéile, agus leis an gcóras cáilíochtaí	4.1 Dul i mbun oibre le geallsealbhoirí chun córais oideachais agus oiliúna na hÉireann a dhéanamh níos comhtháite go himheánach agus lena chéile, agus leis an gcóras cáilíochtaí	<ul style="list-style-type: none"> Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na bprionsabal atá leagtha amach sa Chreat Comhairliúcháin Fo-straitéis a cheapadh chun teagmháil a dhéanamh le grúpaí soláthraithe i dtréimhse 2014 Cur chun feidhm an tionscnaimh um sheirbhísí cáilíochta do chustaiméirí a bhunú agus a thacú Modhanna láidre cumarsáide a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Údarás um Ardoideachas agus SOLAS. Rannchuidiú le forbairt Phlean Feidhmithe Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna 	R1 R1 agus Go leanúnach R1 agus Go leanúnach R2 – R4 R1 – R2	Caidreamh le Soláthraithe Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid Anailís Straitéiseach
	4.2 Struchtúir éifeachtacha rialachais a cheapadh don QQI, a fhágfaidh gur féidir teagmháil lánbhríoch a dhéanamh le príomh-gheallsealbhoirí, d'fhonn comhtháiteacht a mhisniú agus neamhspleáchas a choinneáil.	<ul style="list-style-type: none"> A chinntiú go mbunaítear gach comhpháirt de na struchtúir rialachais comhaontaithe. 	R1	Caidreamh le Soláthraithe
	4.3 Leas a bhaint as an athchóiriú leanúnach ar an mbreisoideachas agus an ardoideachas chun conairí breise agus deiseanna chun dul chun cinn a ghléisiú agus chun tacú le nuálaíocht agus le solúbthacht soláthair ar mhaithe le foghlaimoírí	<ul style="list-style-type: none"> Dul i gcomhairle maidir le Rochtain, Aistriú agus Dul chun Cinn do sholáthraithe Feabhsú a dhéanamh ar a chomhtháite atá an córas oideachais agus oiliúna leis an gcóras aitheantais trí bheartas a fhoilsiú i dtaobh comhoibriú le comhlachtaí gairmiúla aitheantais 	R3	Seirbhísí Cáilíochta




Spríoc Straitéiseach	Cuspóir Eagraíochtúil	Gníomhaíochtaí	Tréimhse ama	Roinn
	4.4 Ról níos mó a thabhairt d'fhostóirí i ngníomhaíochtaí an QQI d'fhonn riachtanais na háite oibre – riachtanais atá ag athrú – a chomhlíonadh, agus cineálacha nua cur chuige ar fud an bhreisoideachais agus an ardoideachais agus oiliúna a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none">Sraith ceardlann téamacha a eagrú chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais na háite oibreDréacht-treoirilínte a mheasúnú agus a fheabhsú (Oideachas Fiontair agus Fiontraíochta) lena bhfoilsíú	R1 - R3 R4	Comhpháirtíochtaí Tionscail agus Seachtracha
	4.5 Caighdeáin chúí dhámhachtana a cheapadh trí chaidreamh a fhorbairt agus dul i mbun oibre le pobail chúí cleachtais	<ul style="list-style-type: none">Caighdeáin nua nó caighdeáin nuashonraithe a cheapadh do dhámhachtainí an QQI i réimsí staidéir tosaíochta.	Go leanúnach	Seirbhísí Cáilíochta

Sprioc Straitéiseach	Cuspóir Eagraíochtúil	Gníomhaíochtaí	Tréimhse ama	Roinn
5 Faisnéis ábhartha, thráthúil agus chuimsitheach a chur ar fáil don phobal ar cháilíocht an tsoláthair oideachais agus oiliúna agus na gcáilíochtaí	5.1 A chinntiú go gcuireann soláthraithe faisnéis atá ábhartha, insroichte, cruinn agus tráthúil ar fáil d'fhoghlaimoirí agus don phobal	<ul style="list-style-type: none"> Dréachtbheartas a fhoilsiú ar fhreagrachtaí uilíocha na soláthraithe ar fad i dtaca le faisnéis a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí 	R3	Caidreamh le Soláthraithe
	5.2 Feasacht an phobail ar ról, freagrachtaí, gníomhaíochtaí agus caidreamh an QQI le comhlachtaí eile a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú a dhéanamh ar chaidreamh agus idirghníomhaíochtaí reatha an QQI leis an earnáil fiontair (lena n-áirítear gníomhaireachtaí forbartha, faisnéise agus cistiúcháin), lucht tionscail agus fostóirí Féilire imeachtaí cuí a eagrú chun faisnéis a chur ar fáil do phríomhtheagmhálaithe an QQI 	R3 R2	Comhpháirtíochtaí Tionscail agus Seachtracha Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid
	5.3 Faisnéis chúí a chur ar fáil don phobal ar sholáthraithe, clár agus cáilíochtaí a ndearbhaítear a gcáilíocht	<ul style="list-style-type: none"> Bunachar sonraí clár agus dámhachtainí a bhunú Beartas ar fhaisnéis d'fhoghlaimoirí a fhoilsiú 	Go leanúnach R2	Seirbhísí Cáilíochta
	5.4 Comhordú a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige i leith sonraí agus faisnéis a bhailiú, a chomhroinnt agus a chur i láthair, le gníomhaireachtaí Stáit eile chun cur leis an trédhearcacht, éifeachtúlacht bhreise a ghiniúint agus dúbailt a sheachaint.	<ul style="list-style-type: none"> Anailís staitistiúil ar dhámhachtainí an QQI agus ar dhámhachtainí eile a aithnítear sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a fhoilsiú 	R3	Seirbhísí Cáilíochta



Spríoc Straitéiseach	Cuspóir Eagraíochtúil	Gníomhaíochtaí	Tréimhse ama	Roinn
<p>6 Cultúr eagraíochtúil a fhorbairt a chuirfidh ar chumas an QQI feidhmiú go héifeachtach</p>	6.1 Comhtháthú agus athchóiriú chun éifeachta a dhéanamh de réir a chéile ar chumarsáidí, ar phróisis agus ar sheirbhísí ar fud na heagraíochta, d'fhonn seirbhís chomhtháite a chur ar fáil do gheallsealbhóirí	<ul style="list-style-type: none"> Feidhm chuí éifeachtach iniúchta inmheánaigh a chur ar fáil a chinnteoidh go gcomhlíonfaidh an QQI a oibleagáidí iniúchta agus reachtúla Iniúchtaí ceadaithe faoin bPlean Iniúchta Inmheánaigh don 2014 a chur i gcrích Córais phá, taistil agus cothabhála, ioncam agus caiteachais a oibriú de réir imlitreacha na hearnála poiblí. Déantar córas na rialuithe inmheánach airgeadais a oireann do riachtanais an QQI agus atá de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a athbheithniú agus déantar monatóireacht air A chinntiú go gcuirfear an próiseas inmheánach um Dhearbhú Cáilíochta sa siúl ar fud na heagraíochta in 2014 An uirlis um Bainistíocht an Chaidrimh leis an gCustaiméir chun malartú eolais a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos comhtháite. 	<p>R1 – R4</p> <p>R1-R4</p> <p>R4</p> <p>R1-R3</p> <p>R3</p> <p>R1-R4</p>	<p>Iniúchadh agus Soláthar</p> <p>Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid</p> <p>Gach Roinn</p>
	6.2 Soiléiriú a dhéanamh ar ról an QQI mar ghníomhaireacht sheachtrach neamhspleách do dhearbhú cáilíochta	<ul style="list-style-type: none"> Baill ar cheapadh ar choistí ar shlí a thacódh lena neamhspleáchas Leanúint den bhallraíocht in ENQA 	<p>R2</p> <p>R3</p>	<p>Caidreamh le Soláthraithe</p> <p>Anailís Straitéiseach</p>

Spríoc Straitéiseach	Cuspóir Eagraíochtúil	Gníomhaíochtaí	Tréimhse ama	Roinn
	6.3 Cultúr d'fheabhsú leanúnach ar fheidhmíocht a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> Córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta a fhorbairt ar son an QQI agus déan é a chur chun cinn go gníomhach ar fud na heagraíochta Anailís a dhéanamh ar riachtanais oiliúna ó cheann ceann na heagraíochta ionas gur féidir iniúlachtaí bainistíocht ar athrú a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht Cultúr pleanála agus bainistíocht tionscadail a fhorbairt a bheidh bunaithe ar thuiscint ar a bhuntáistí a bheadh sé, ar aon dul leis an straitéis eagraíochtúil 	R2 R2 R1	Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid
	6.4 Oibriú i dtreo cultúr eagraíochtúil a mbeidh féiniúlacht láidir agus luachanna i bpáirt i dtreis ann.	<ul style="list-style-type: none"> Straitéis chumarsáide ó cheann ceann na heagraíochta uile a cheapadh ina gcuirfear caidreamh inmheánach agus seachtrach chun cinn agus ina gcomhroinnfear teachtaireachtaí eagraíochtúla. 	R1, R2	Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid
	6.5 Tacú le gach ball foirne ionas gur féidir cuspóirí an QQI a bhaint amach, athruithe a bhainistiú, seirbhísí cáilíochta a sheachadadh agus cumas na heagraíochta amach anseo a fhorbairt, i dteannta a chéile.	<ul style="list-style-type: none"> An tionscnamh maidir le bainistíocht ar athrú a chur chun feidhme 	R1	Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid

An abstract graphic consisting of numerous thin, light blue curved lines that fan out from the left side of the page, creating a sense of motion and depth. The lines are more densely packed in some areas and more sparse in others, creating a gradient effect.

26/27 Denzille Lane,
Dublin 2,
Ireland.
t +353 (0) 1 905 8100

www.QQI.ie